



Sláinte agus Folláine na mBan  
Treoir maidir le Sláinte  
Ghnéis agus Atáirgthe



FSS Baile Átha Cliath agus an Oirdheiscirt  
An tSeirbhís um Chuimsíú Sóisialta

Más mian leat rochtain a fháil ar tháirgí nó ar  
sheisiún oideachais, déan teagmháil linn.



Seol ríomhphost chugainn:  
[che.socialinclusion@hse.ie](mailto:che.socialinclusion@hse.ie)

FSS Baile Átha Cliath agus Seirbhís um  
Chuimsíú Sóisialta an Oirdheiscirt

# Ábhair

FSS Baile Átha Cliath agus

Seirbhís um Chuimsíú

Sóisialta an Oirdheiscirt

Cuid oideachasúil dár gcuid  
oibre ar dhínit míosraithe do  
chách is ea an leabhrán seo.

Dínit  
Míosraithe  
do chách

Period  
Dignity  
for all

## Conas an leabhrán seo a úsáid

Féach ar na hipearnaisc a  
thabharfaidh chuig suíomhanna  
gréasáin ar a bhfuil saineolas  
agus sonraí teagmhála  
eagraíochtaí iontaofa thíu chun  
tuilleadh tacaíochta a fháil.

Acmhainn ar líne  
[www.hse.ie/eng/services/  
list/1/lho/dublinse/social-  
inclusion-/](http://www.hse.ie/eng/services/list/1/lho/dublinse/social-inclusion/)

## Sleachta Lúaite

Tá go leor sleachta lúaite ar fud an  
leabhráin seo ó shuirbhéanna le  
barúlacha éagsúla inár bpobal.

## GUTHANNA ÉAGSÚLA

Fáilte

Réamhrá

4

Cuid 1

Dínit Míosraithe

5

Cuid 2

An Timthriall Míosta

7

Cuid 3

Toircheas agus Torthúlacht

13

Cuid 4

Sláinte Ghnéis

16

Cuid 5

Scagthástáil

18

Cuid 6

Toiliú agus Foréigean Inscne

20

Cuid 7

Folláine

25

Cuid 8

FSS Baile Átha Cliath agus Seirbhís um  
Chuimsíú Sóisialta an Oirdheiscirt

26

# Réamhrá

Oibríonn seirbhísí Cuimsithe Shóisialta le agus tugann siad aire do dhaoine aonair agus do theaghlach a dteastaíonn sainscileanna agus saintacaíocht uathu agus dóibh siúd atá tar éis cruatan a fhulaingt le linn a saoil. Tá sé mar aidhm againn cumhacht agus luach a thabhairt do gach duine a mbímid ag obair leo agus dóibh siúd a bhíonn ag plé linn.

Oibrímid le roinnt grúpaí cultúrtha saibhre agus éagsúla mar larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, Úcránaigh, Lucht Siúil agus pobail Romacha, íospartaigh dúshaothraithe Gnéis agus Saothair ag Striapachas agus Gáinneáil ar Dhaoine, Daoine gan Dídean, Úsáideoirí Drugaí, agus pobail LADTIA+.

**Maidir leis an tionscadal seo, táimid ag díriú ar mhná agus ar chailíní a bhfuil taithí acu ar anás míosta.**

D'fhéadfadh an fhaisnéis sa leabhrán seo a bheith úsáideach do chailíní agus do mhná, agus do dhaoine trasinscneacha agus neamhdhénártha a mhíosraitónn.

Féachfaidh an doiciméad seo ar shaolré na mban agus na gcailíní, agus ar roinnt dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann ar feadh a saoil. Tiomsaítear an t-ábhar uilig ó fhaisnéis a d'fhoilsigh sainghníomhairescaí amhail FSS A-Z, Tusla agus sexualwellbeing.ie

\*Tá leagan digiteach den leabhrán seo ar shuíomh gréasáin an Chuimsithe Shóisialta le hipearnaisc bheo.

*Bhí mé ag streachailt sa choláiste ar feadh cúpla bliain agus bhí orm tárgí saor in aisce a fháil ón gcoláiste.*

BALL FOIRNE

**GUTHANNA ÉAGSÚLA**

## Dínit Míosraithe

### Dínit Míosraithe do chách

Tá dínit míosraithe bunaithe ar fhianaise i dtraighe idirnáisiúnta lena n-ainthnítear go mbíonn tionchar ag anás míosta ar go leor ban agus cailíní. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil an t-airgead ná an rochtain acu ar na tárgí, na háiseanna sláintíochta ná an t-oideachas is gá chun dínit agus rogha a cheadú maidir le tárgí sláintíochta agus sláinteachais a éilítear sa 'timthriall míosta'. Áirítear ar shrianta ar an tsaoirse sin neamhdheimhneacht airgeadais, imeallú, fo-ordú agus smacht sa bhaile etc.

Is minic a théann cúrsái creidimh agus náire chultúrtha i bhfeidhm ar shaol na mban agus na gcailíní agus déantar go leor diobh a eisiamh ó fhaisnéis ábhartha maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh.

**Cad atá á dhéanamh againn maidir le Dínit Míosraithe?**

Cuireann Seirbhísí Ionchuimsithe Shóisialta FSS tárgí, oideachas agus feasacht ar fáil chun mná agus cailíní a eáscú agus a chumhachtú le linn na mblianta atárgthe chun rochtain a fháil ar na riachtanais sin.

Tá FSS agus Comhlachtaí Poiblí eile tar éis tú a chur le tárgí míosraithe saor in aisce a sholáthar dóibh siúd a dteastaíonn siad uathu. Táimid ag tabhairt seisiún oideachais dóibh siúd a bhfuil suim acu ann freisin, ionas gur féidir linn tuiscint a fheabhsú agus fáil réidh le cuid de na mothúcháin dhiúltacha faoi mhíosstrú!

**Más mian leat rochtain a fháil ar thárgí nó ar sheisiún oideachais, déan teagmháil linn le do thoil ag:**



Chomh maith leis na tárgí, tá sé ríthábhachtach go dtuigeann mná agus cailíní na hathruithe fisiciúla atá ag tarlú agus na dúshlán a bhaineann le fás ó óige go daoine fásta. Trí na hathruithe seo a thuiscint (agus na dúshlán a ghabhann leo uaireanta) is féidir a chinntí go bhfuil a fhios ag mná agus cailíní cá háit ar féidir leo cúnamh a fháil, má bhíonn deacracht acu. Ba mhaith linn an fhaisnéis sin a roinnt leat.

# Torthaí an Anáis Míosta sa Suirbhé Éire Shláintiúil 2022




**Thuairiscigh  
1 as 4**

go raibh siad thíos  
le hanás míosta de  
chineál éigin.



**Bhí  
1 as 10**

ag streachailt le costas  
na dtáirgí móstraithé ná  
gur athraigh siad na  
táirgí a d'úsáid siad mar  
gheall ar an gcostas.



**Thuairiscigh  
51%**

gur athraigh siad a  
ngníomhaíochtaí  
laethúla mar gheall  
ar mhístrú.

**Rinne  
30%**

dearmad ar a dhóthain táirgí  
a thabhairt leo chun na  
hoibre/coláiste/scoile ná ar lá  
a bhí siad amuigh. Tuairiscíonn  
**14% de dhaoine os cionn 25**  
go n-úsáideann siad ábhair  
mhí-oriúinacha le linn a  
móstraithé.



## CUID 2

### An Timthriall Míosta

#### Ubhsceitheadh

Nuir a thagann bean óg chun  
caithreachais, an t-am den saol nuair  
a bhíonn athruithe fisiciúla agus  
hormónacha ag páiste a léiríonn aistriú  
go dtí an aosacht, tosaíonn sí ag  
ubhsceitheadh. Tarlaíonn sé seo nuair  
a scaoiltear ubh aibí ó cheann de na  
hubhagáin. Is iad na hubhagáin an dá  
orgán atáirgthe baineann a aimsítear  
sa pheilbheas. Má thoirchítear an ubh  
le speirm agus é ag taisteal síos an  
feadán fallópach, ansin tarlaíonn giniúint.  
Ionchlannaíonn an ubh toirchithe le  
líneáil na broinne. Mura dtoirchítear an  
ubh le speirm, cailltear líneáil na broinne  
(inmheitriam) le linn móstraithé.

#### Místrú

Cuid amháin de thimthriall míosta mná  
is ea móstrú nuair a chailltear líneáil  
na broinne (inmheitriam). Tarlaíonn sé  
sin ar feadh shaol atáirgthe na mná.  
Le gach timthriall míosúil, ullmháíonn  
an t-inmheitriam é féin chun féatas a  
chothú. Cuidíonn leibhéal éastaigine agus  
próigeistéaróin mhéadaithe lena bhallaí a  
dhéanamh tiubh. Mura dtarlaíonn toirchiú,  
is é an t-inmheitriam, mar aon le ful agus  
múcas ón bhfaighin agus ón cheirbheacs,  
an sreabhadh móstraithé le linn an  
mhístrú.

Maireann an móstrú idir 2 agus 7 lá ar  
an meán. Is minic a bhíonn an sreabhadh  
is troime sa chéad 2 lá. Maireann an  
timthriall míosta 28 lá ar an meán, le  
hubhsceitheadh ar lá 14. Mar sin féin, tá  
timthriallta níos faide ná níos giorra ag  
go leor ban. Tosaíonn an timthriall leis  
an gcéad lá de thréimhse amháin agus  
crióchnaíonn sé ar an lá roimh an móstrú  
nuá. Bíonn an t-am is toorthúla ag bean idir  
12-16 lá dá timthriall.

Níl aon aois bheacht ann chun móstrú  
a thosú agus bíonn an t-athrú fisiceach  
nádúrtha seo ag cailíní ag aoiseanna  
éagsúla. Den chuid is mó is féidir leis  
seo tarlú idir aois 9 agus 13. Is féidir leis  
an gcéad móstrú níos lualthe ná níos  
déanaí a bheith an-gnáth freisin ach  
d'fhéadfadh go mbeadh gá le himscrúdú.  
Téigh i gcomhairle le do DG má bhíonn  
aon imní ort.

*Ba chóir tacáiocht agus  
sólás a thabhairt do mhna  
le linn a móstraithé.*

**IARRATASÓIR AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA**

**GUTHANNA ÉAGSÚLA**

# An Timthriall Míosta ar lean

## Táirgí míosta

Bailítear fuil le linn an mhíosraithe ag táirgí móstraite.

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha táirgí;

- Pillíní míosta** – ábhar ionsúiteach a shúnn sreabhán isteach. Tagann pillíní i go leor méideanna, ionas gur féidir leat ceann a roghnú a oireann do cé chomh trom nó éadrom atá an móstrú.

- Súitíní** – feedáin bheaga d’olann chadáis a chuirtear isteach san fhaighin. Tá dhá chineál súitín ann – le forchuradóir agus gan forchuradóir.

- Cupán mhíosta** – Déantar an cupán as sileacón (ábhar cosúil le rubar) agus cuirtear é taobh istigh den fhaighin. Bailíonn cupán mhíosta fuil in ionad é a ionsú. Déantar pillíní míosta agus súitíní a scriosadh tar éis iad a úsáid ach is féidir cupán mhíosta a ghlacadh agus a úsáid arís.


- Fobhríste móstraithe** – fo-éadaí atá stuáilte agus in-nite. Tá go leor ban ag úsáid táirgí inbhuanaithe cosúil leis na brístí agus bíonn siad compordach dóibh.

## Teannas/Siondróm Réamh-Mhíosta (TRM/SRM)

Is féidir le hathruithe fisiciúla agus mothúchánacha tarlú de bharr athruithe ar leibhéal hormóin roimh mhíosetrú. Tugtar SRM (siondróm réamh-mhíosta) nó TRM (teannas réamh-mhíosta) air seo. Tá go leor comharthaí féideartha SRM ann, ach is iad seo a leanas na siomptóim tipiciúla;

- ag mothú séidte
- soghortaitheacht cíche
- guagachtaí giúmair
- cantal
- craiceann goiríneach nó gruaig bealaithe
- libídeo íseal

Is gnách go bhfeabhsaíonn na siomptóim seo nuair a thosaíonn an móstrú agus imíonn siad cúpla lá ina dhiaidh sin. Ní bhíonn SRM ag gach bean a mhíosraitonn.



## Pian mhíosta

Is féidir le pian mhíosta a bheith coitianta agus mar chuid den timthriall míosta.

Bíonn taithí ag formhór na mban uirthi ag pointe éigin ina saol. Is iondúil go mbraithear é mar chrampaí matáin pianmhara i mbun an bhoilg, ar féidir leo leathadh go dtí an droim agus go dtí na leasracha. Uaireanta tagann an phian i bhfreangaí atá dian. Ag amanna eile d’fhéadfadh sé a níos mairbhe ach níos seasmhaí. Tá sé tábhachtach labhairt le do dhochtúir má chuireann pian mhíosta isteach ar do shaol laethúil mar is féidir leo imscrúdú a dhéanamh ar aon fhadhbanna bunúsacha agus bealaí a mholadh chun an phian a mhaolú.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar conas pian mhíosta a chóireáil cliceáil ar an hipearnasc seo;



Acmhainn ar líne  
[www2.hse.ie/conditions/stopped-or-missed-periods/](http://www2.hse.ie/conditions/stopped-or-missed-periods/)

## Athruithe le do mhíosetrú

D’fhéadfadh go n-athródh do mhíosetrú ar roinnt cúiseanna le linn ghnáthchúrsa do shaol atáirgthe. Is gnách go mbíonn cuid acu seo, ach ba chóir duit comhairle a lorg ó do dhochtúir teaghlaigh nó ó ghairmí cúraim sláinte má bhíonn taithí agat ar;

- Cur fola idir móstrú, tar éis duit gnéas a bheith agat, nó tar éis meanapáis.
- Míosetrú caillte
- Rud ar bith neamhghnách a chuireann imní ort

Déanfaidh do DG nó do ghairmí cúraim sláinte imscrúdú a dhéanamh ar an gcúis agus molfaidh sé nó sí aon chóireáil is gá.

### Acmhainn ar líne

[www2.hse.ie/conditions/period-pain/](http://www2.hse.ie/conditions/period-pain/)

Agus muid ag fás aníos, bhí náire orainn agus cuirtear fainic orainn labhairt faoinár móstrú. Is ábhar iontais fós é gur féidir linn labhairt go hoscailté faoi agus plé a dhéanamh.

IARRATASÓIR AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA

GUTHANNA ÉAGSÚLA

# An Timthriall Míosta ar lean

## AG TEANNADH LE DO MHÍOSTRÚ

### DEIREANACH

#### Réamh-mheanapás/meanapás

Leanfaidh do mhíostrú go dtí go sroicéann tú meanapás. De ghnáth is é meanapás an pointe ama nuair nach raibh míostrú agat ar feadh 12 mhí mar gheall ar an bpróiseas aosaithe. Tarláonn sé seo de ghnáth nuair a bhíonn tú idir deireadh na 40idí agus lár na 50idí. Beidh roinnt comharthaí ag formhór na mban timpeall meanapás agus réamh-mheanapás. Is féidir le fad agus tromchúis na gcomharthaí seo a bheith éagsúil ó bhean go bean.

D'fhéadfadh do mhíostrú éirí níos éadromé nó níos troime. D'fhéadfadh sé go gcuirí isteach ar mhinicíocht do mhíosraithe freisin – d'fhéadfadh go mbeadh siad agat gach 2 nó 3 seachtaine. Tá míostrú caillte coitianta – b'fhéidir nach mbeidh siad agat ar feadh míonna ag an am. Má tá do mhíostrú neamhrialta, ba cheart duit seiceáil freisin an bhfuil tú ag iompar clainne cibé an raibh gnéas agat le frithghiniúint nó gan é.



Acmhainn ar líne  
[www2.hse.ie/conditions/contraception-and-menopause/](http://www2.hse.ie/conditions/contraception-and-menopause/)

#### Comharthaí coitianta

Tá comharthaí ag thart ar 8 as gach 10 mná ar feadh tamall roimh agus tar éis a stopann do mhíostrú. D'fhéadfadh sé seo tionchar mór a imirt ar roinnt ban. Má théann tú tríd an meanapás go tobann, d'fhéadfadh do chuid comharthaí a bheith níos measa. Mar shampla, mar thoradh ar chóireál ailsé nó ar bhaint mánliachta d'ubhagán.

I measc roinnt comharthaí coitianta tá seo a leanas:

- ráigeanna teasa, allas san oíche, deacracht codlata, turse, easpa fuinnimh
- giúmar íseal nó imní

- fadhbanna le cuimhne nó aird, tinneas cinn
- preabadh croí (buille croí tapa, croí atá ag luaspheabhadh nó ag preabadh)
- UTlanna leanúnacha (ionfhabhtuithe lamhnán)
- caillteanas matáin agus pianta ailt
- méadú meáchain

Méadaíonn meanapás do riosca fadhbanna eile a fhorbairt, mar shampla oistéapóróis (cnámha leochaileacha) mar sin, labhair le do ghairmí cúram sláinte faoi seo.

#### Cathain cabhair a fháil

Labhair le do DG má bhíonn deacrachtaí ar leith agat leis na siomptóim. Beidh siad in ann cabhrú leat agus is féidir leo cóireálacha a mholadh;



Acmhainn ar líne  
[www2.hse.ie/conditions/menopause/menopause-treatment/](http://www2.hse.ie/conditions/menopause/menopause-treatment/)

Tá rudaí eile ann ar féidir leat a dhéanamh  
[www2.hse.ie/conditions/menopause/things-you-can-do/](http://www2.hse.ie/conditions/menopause/things-you-can-do/)

Má tá aon fhuiliú ann tar éis meanapás, déan teagmháil le do DG, mar beidh imscrúdú ag teastáil uaidh.



Acmhainn ar líne  
[www2.hse.ie/conditions/postmenopausal-bleeding/](http://www2.hse.ie/conditions/postmenopausal-bleeding/)

#### Cúiseanna le fuiliú iarmheanapásach

Is féidir go mbeadh cúiseanna éagsúla le fuiliú iarmheanapásach.

Is iad seo a leanas na cúiseanna is coitianta;

**Seargadh faighne** – athlasadh agus tanú den líneáil faighne de bharr leibhéal éastragine níos ísle

**Seargadh inmheitriam** – athlasadh agus tanú den líneáil broinne de bharr leibhéal éastragine níos ísle

#### Polaipí Broinne nó Ceirbheacsach

– meallta a bhíonn neamh-ailseach de ghnáth

**Hipearpláise inmheitriam** – líneáil broinne tiubhaithe de bharr otracht, leibhéal éastragine níos, níl chomh coitianta, teiripe athsholáthair hormón (HRT)

I gcásanna neamhchoitianta, is é an chúis atá le fuiliú iarmheanapásach ná ailsé, mar shampla ailsé ubhagáin nó broinne.



Acmhainn ar líne  
[www2.hse.ie/conditions/ovarian-cancer/](http://www2.hse.ie/conditions/ovarian-cancer/)

## Toircheas agus Torthúlacht

### Clinicí gínéiceolaíochta

Tá clinicí gínéiceolaíochta siúil isteach ag feidhmiú in Éirinn cheana féin. Ag na clinicí seo, i measc na n-imscrúduithe atá ar fáil d'othair tá ultrafhuaim pheilbheach, histireascópacht dhiagnóiseach, agus bithóipse inmheitriam.

Tá na clinicí reatha lonnaithe sa Chom, san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, i Maigh Eo, i gCorcaigh, i nGaillimh, sa Rotunda, i Leitir Ceanainn agus i bPort Láirge. Tá tuilleadh clinicí á dtabháirt isteach ar fud na tíre faoi láthair.

Is féidir a bheith atreoraithe chuig na clinicí seo trí do DG, nó trí roinn ospidéil (ospidéal máithreachais nó neamh-mháithreachais). Má tá inní ort faoi chúrsaí gínéiceolaíochta, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir teaghlaigh agus eolas a lorg faoin tseirbhís is oriúnaí duit.

*Is duine déghnéesach mé, mar sin glacaim níos mó le míostú agus labhraím go hoscailté faoi. Vaireanta biónn grúpaí heitriughnéesacha níos míchompordáí faoi ach trí bhean chéile agus iníon a bheith acu agus toilteanas labhairt faoi tháirgí míosta, nasctar daoine le chéile.*

BALL DEN PHOBAL LADT

**GUTHANNA ÉAGSÚLA**

*De réir mar a chuaigh mo dheartháireacha in aois tháinig athrú ar a ndearcadh agus anois tá tuiscint níos fearr acu ar mhíostú agus ní bheadh náire orthu nuair a d'fheicfidís bosca súitíni.*

**IARRATASÓIR AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA**  
**GUTHANNA ÉAGSÚLA**

*Is minic a dhéanann dochtúirí fireann beag is fiú de na siomptóim. Diagnóisíodh mé le hinmheatróis – tar éis míonna a bheith i bpian. Ach amháin gur áitigh mé go láidir ar imscrúdú a dhéanamh.*

BALL DEN PHOBAL LADT

**GUTHANNA ÉAGSÚLA**

### Ag éirí torrach

D'fhéadfadh sé a bheith deacair an t-am nuair is féidir leat éirí torrach a thabhairt faoi deara (an t-am is toirthúla). Tarlaíonn sé le linn ubhsceite, atá thart ar 12 go 16 lá roimh thús do chéad mhíostú eile.

Mar sin féin, is féidir le speirm maireachtáil laistigh de chorp mná ar feadh roinnt laethanta sula dtarlaíonn ubhsceitheadh. Is féidir an ubh a thoirciú 12 go 24 uair an chloig tar éis ubhsceitheadh. Dá bhí sin, d'fhéadfadh toircheas a bheith mar thoradh ar ghnéas gan chosaint, roimh nó tar éis ubhsceitheadh.

Ní féidir leat a bheith torrach muna dtarlaíonn ubhsceitheadh. Oibríonn roinnt modhanna hormónacha frithghiniúna trí ubhsceitheadh a chosc. Mar shampla, an piollaire frithghiniúnach, an paiste frithghiniúnach agus frithghiniúnach in-instealta.

*Is dóigh liom nach bhfoghlaimíonn mórchuid na bhfear faoi seo, go dtí go bhfuil páiste dá gcuid féin uathu agus go dtosaíonn siad ag rianú timthriallta.*

BALL FOIRNE

**GUTHANNA ÉAGSÚLA**

### Tástáil le haghaidh toirchis

Is é tástáil an bealach is fearr le fáil amach an bhfuil tú torrach.

Is féidir leat tástáil a cheannach in go leor cógaslanna agus ollmhargaí.

D'fhéadfá tástáil a fháil freisin ó do DG nó ag do chlinic um phleanáil clainne áitiúil. B'fhéidir go mbeidh ort táille a ioc mura bhfuil cártá Leighis agat.



#### Acmhainn ar líne

[www2.hse.ie/pregnancy-birth/scans-tests/pregnancy-tests/](http://www2.hse.ie/pregnancy-birth/scans-tests/pregnancy-tests/)

[www2.hse.ie/pregnancy-birth/trying-for-a-baby/](http://www2.hse.ie/pregnancy-birth/trying-for-a-baby/)

[www2.hse.ie/pregnancy-birth/keeping-well/health-lifestyle/adjusting-to-pregnancy/](http://www2.hse.ie/pregnancy-birth/keeping-well/health-lifestyle/adjusting-to-pregnancy/)

### TOIRCHEAS NEAMHBHEARTAITHE A CHOSC

#### Frithghiniúint

Má tá tú gníomhach go gnéasach, tá sé an-tábhachtach cineál frithghiniúna a úsáid chun toircheas neamhbheartaithe a sheachaint. Is féidir le do DG nó do chlinic pleánála teaghlaigh cabhrú leat an frithghiniúint cheart a aimsiú a oireann dod' riachtanais sláinte agus stil mhaireachtála atá agat.

# Toircheas agus Torthúlacht ar lean

## Frithghiniúint saor in aisce

Tá frithghiniúint saor in aisce ar fáil do mhná, do chailíní, do dhaoine trasinscneacha agus neamhdhénártha a chomhlíonann na critéir ábhartha. Tugtar seo thar an gcuntar ag cógaslanna rannpháirteacha. Ní gá duit dul chuig do DG le haghaidh oideas.



## Frithghiniúint éigeandála

- Is frithghiniúint chultaca í frithghiniúint éigeandála. Is féidir leat frithghiniúint éigeandála a úsáid chun toircheas neamhbheartaithe a sheachaint tar éis duit gnéas a bheith agat gan frithghiniúint a úsáid, nó má theip ar do mhodh frithghiniúna (mar shampla, shleamhnaigh an coiscín nó chaill tú piolla).
- Is féidir leat a roghnú ó dhá chineál éagsúil de roghanna frithghiniúna éigeandála: An piolla frithghiniúna éigeandála (ECP), tá dhá chineál piolla ann, ceann gur gá a thógáil laistigh de 72 uair an chloig ó ghnéas a bheith agat, agus ceann is féidir a thógáil suas le 120 uair an chloig. Is féidir an corna (ar a dtugtar IUCD iarghnéis freisin) a úsáid suas le 5 lá.

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO THOIRCHEAS NEAMHBHEARTAITHE

D'fhéadfadh toircheas neamhpheleanálte buairt agus mearbhalla a chur ort. B'fhéidir go bhfuil mothúchán láidre agus contrártha agat faoi do thoircheas.

Líne chabhrach Saorghlao atá maoinithe ag FSS is ea My Options. Soláthraíonn sé faisnéis agus comhairleoireacht saor ó bhreithiúnas d'aon duine a bhfuil toircheas neamhbheartaithe acu.

Tá an méid seo a leanas ar an suíomh gréasáin **My Options** freisin:

- Comhrá ar líne le haghaidh faisnéise agus tacaíochta
- Seirbhís duine le duine a fháil
- Seisiún comhairleoireachta a chur in áirithe

Is féidir leis an líne chabhrach seo faisnéis agus tacaíocht a sholáthar duit ar do chuid roghanna go léir, lena n-áirítear seo a leanas:

- tacaíochtaí leanúnacha do thoircheas
- seirbhísí ginmhillte



## Cóireáil toirthúlachta tríd an FSS

Tá cóireáil speisialaithe ann chun cabhrú leat éirí torrach trí mholi toirthúlachta réigiúnacha FSS.

Féadfaidh do chomhairleoir ag an mol toirthúlachta réigiúnach é seo a mholadh sna cásanna seo a leanas:

- muna n-éiríonn tú féin ná do pháirtí torrach tar éis cóireáil toirthúlachta eile a fháil
- má thaispeánann tástálacha gurb í seo an chóireáil a theastaíonn uait



Tháinig mé amach le dochúir, mar sin bhí an tuairim ann nach mbeidh toirthúlacht fiú i gceist (toisc go bhfuilim aerach). Bhí orm an cheist a ardú. I gcodarsnacht leis sin, tá mo dheirfiúr heitriughnéasach, mar sin, luadh é sa chomhrá.

BALL DEN PHOBAL LADT

GUTHANNA ÉAGSÚLA

## Cineálacha cóireála

Is iad seo a leanas na cineálacha cóireála toirthúlachta speisialaithe is féidir leat a fháil trí mhol toirthúlachta réigiúnach:

• **IVF** – nuair a thoirchítear uibheacha le speirm i saotharlann chun suth a chruthú. Cuirtear an suth is fearr isteach i mbroinn an duine. Má tá suthanna maithe eile ann, is féidir iad seo a reo lena n-úsáid sa todhchaí.

• **Instealladh speirme inchíteaplasmach (ICSI)** – cineál IVF ina ndéantar speirm a instealladh díreach isteach san ubh.

• **Inseamhnú ionútarach (IUI)** – cineál inseamhnaithe shaorga. Ullmháitear speirm sa saotharlann agus ansin cuirtear isteach sa bhroinn é.

Tá a fhios agam gur mhaith le go leor leispíach páistí a bheith acu, tá fir aeracha ag iarraidh teaghlaigh freisin, tá cearta tuismitheoirí do chách riachtanach.

BALL DEN PHOBAL LADT

GUTHANNA ÉAGSÚLA

# Sláinte Ghnéis

## Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha

Is ionfhabhtú é ionfhabhtú Gnéas-Tarchurtha (IGT) a scaiptear trí theaghmáil ghnéasach le duine a bhfuil ionfhabhtú orthu.

### Conas is féidir liom IGTanna a chosc?

Scaiptear an chuid is mó d'IGTanna idir pháirtithe gnéis trí ghnéas béal, tóna nó faighne gan coiscín a úsáid. Déantar roinnt IGTanna a scaipeadh trí theaghmáil craiceann-go-craiceann.

Trí choiscíní a úsáid i gceart agus gach uair a bhíonn gnéas agat, laghdófar an baol go bhfaighidh tú IGT.

Má tá aon chomhartha ionfhabhtaithe, créachtai nó cneácha agat fén ní ag do pháirtí sa réigiún na mball giniúna, ná bíodh aon chineál gnéis agat, lena n-áirítear gnéas bhéil, go dtí go ndéantar tástáil agus cóireáil ort.

#### Acmhainn ar líne

[www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexually-transmitted-infections/](http://www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexually-transmitted-infections/)

## Ba chóir duit smaoineamh ar thástáil

### IGT a bheith agat

Má tá pártí nua agat, is smaoineamh maith é go mbeadh tástáil IGT ag an mbeirt agaibh. B'fhéidir nach bhfuil aon comharthaí ort, nó tá a fhios agat go bhfuil IGT agat.

Má bhíonn tástáil dhearfach ar IGT agat, tá sé tábhachtach go gcuireann tú an chóireáil i gcrích agus go ndéantar tástáil ar do pháirtí agus, más gá, go gcuirfear cóireáil orthu forsta, sula gcuireann tú túis le teaghmáil ghnéasach arís.

Má tá comharthaí IGT ort ní má theastaíonn tacaíocht phráinneach uait, ba chóir duit teaghmáil a dhéanamh le do chlinic IGT áitiúil ní le do DG. Chun teacht ar an gclinic IGT de chuid an FSS saor in aisce is gaire duit, tabhair cuairt ar:

#### Acmhainn ar líne

[www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/hse-sti-services-in-ireland.html](http://www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/hse-sti-services-in-ireland.html)

Tá tástáil IGT baile saor in aisce ar fáil trí FSS freisin.

#### Acmhainn ar líne

[www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexually-transmitted-infections/sti-testing/home-sti-test/](http://www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexually-transmitted-infections/sti-testing/home-sti-test/)

## Gnéas níos sábhláite

Moltar coiscín a úsáid chun cosc a chur ar fhormhór na n-ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus VEID má úsáidtear i gceart iad.

Clúdaíonn coiscín seachtrach an bod agus is féidir é a úsáid le haghaidh gnéas béal (béal go péineas), faighne agus tóna.

Líonn coiscín inmhéánach an fhaighin agus is féidir é a úsáid le haghaidh gnéas faighne.

Is cearnóg laitíse é damba béal a chuirtear thar an bhfaighin ní an anas le linn gnéis béal (ó bhéal go faighin ní béal go hanas). Má tá bréagán ghnéis á n-úsáid agat, déan cinnte nach roinntidh tú iad gan; an bréagán gnéis a ní i gceart idir gach úsáid, agus coiscín nua a chur le gach úsáid.

### Caidrimh idir leispiaigh, Daoine

### Déghnéisacha agus Aiteacha (LDA)

Tugtar aghaidh sa nasc thíos ar réimse ábhar a bhaineann le caidreamh agus gníomhaíocht ghnéasach de leispiaigh, Daoine Déghnéisacha agus Aiteacha (LDA). Is acmhainn luachmhar í seo agus tugann sé aghaidh ar dofheictheacht caidrimh LDA agus saol gnéis.



### Íoslódáil acmhainn

[www.sexualwellbeing.ie/for-professionals/supports/resource-for-working-with-lebian-bisexual-queer-women/](http://www.sexualwellbeing.ie/for-professionals/supports/resource-for-working-with-lebian-bisexual-queer-women/)

#### Acmhainn ar líne

[www.linc.ie/health/](http://www.linc.ie/health/)

## Acmhainní do thuismitheoirí/chúramóirí

Tá dea-chaidrimh agus eolas maidir le sláinte ghnéasach do thuismitheoirí/chúramóirí ar an suíomh gréasáin [www.sexualwellbeing.ie](http://www.sexualwellbeing.ie). Tá sraith leabhrán ann do thuismitheoirí leanaí agus daoine óga ó 4-18 mbliana d'aois, agus fiseáin do thuismitheoirí leanaí óga.

#### Acmhainn ar líne

[www.sexualwellbeing.ie/for-parents](http://www.sexualwellbeing.ie/for-parents)

Is mó rán náire dom a iarráidh orthu (na leáids) coiscín a chaithreamh, mar sin naireanta, ní iarraim.

### BALL FOIRNE

### GUTHANNA ÉAGSÚLA

# Scagthástáil

## Scagthástáil ceirbheacs

Is tástáil saor in aisce í tscagthástáil ceirbheacs chun sláinte do cheirbheacs a sheiceáil. Oscailt do bhoirinne is ea an ceirbheacs.

Ní tástáil ailse atá ann, is tástáil í le fáil amach an bhfuil tú i mbaol ailse a fhorbairt.

Má tá ceirbheacs agat, is féidir leat ailse ceirbheacs a fháil. Is iad cineálacha áirithe papalómaivíreas daonna (HPV) is cúis le 9 as 10 ailsí ceirbheacs. Scaptear HPV trí aon chineál teagmhála gnéis le fear nó bean.

HPV seasta a thugtar ar HPV nach n-imíonn. Féadann sé seo athruithe a dhéanamh ar chealla an cheirbheacs le himeacht ama.

Ach ní hé HPV an t-aon chuíis le hailse ceirbheacs. Is féidir leat ailse ceirbheacs a fháil mura raibh gnéas agat riamh.

Ó 25 bliana d'aois, ba cheart duit clárú le Cervical Check ar líne agus do scagthástáil ceirbheacs a chur in áirithe.

### Acmhainn ar líne

[www2.hse.ie/conditions/cervical-screening/why-go/what-cervical-screening-is/](http://www2.hse.ie/conditions/cervical-screening/why-go/what-cervical-screening-is/)

## HPV

Déantar vacsaíniú HPV trí chlár na scoileanna.

Is féidir le hionfhabhtú HPV a bheith ina chuíis le hailse sna nithe seo a leanas: Ceirbheacs, pit (an limistéar timpeall oscailt na faighne), faighin, anas, béalfhabraing (an chuid den scornach ar chúl an bhéil), péineas.

Is féidir le hionfhabhtú HPV a bheith ina chuíis le faithní na mball giniúna i gcailín agus i mbuachaillí arao. Deir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) go bhfuil an vacsaín HPV an-sábhalte. Má tá ceisteanna agat faoin vacsaín HPV, labhair le gairmí sláinte iontaofa cosúil le do DG.



Acmhainn ar líne  
[www.hse.ie/eng/health/immunisation/pubinfo/schoolprog/hpv/](http://www.hse.ie/eng/health/immunisation/pubinfo/schoolprog/hpv/)

Ag 25, fuair mé mo chéad tástáil smearaidh ceirbheacs. Chaith an dochtaoir an-mhaith liom.

DUINE DEN LUCHT SIÚIL

GUTHANNA ÉAGSÚLA

## Faisnéis maidir le scagthástáil cíche

Cuidíonn scagthástáil cíche le hailse a aimsiú ag céim luath. Má fhaightear go luath é, tá sé níos éasca cóir Leighis a chur air agus tá seans níos fearr ann go dtiocfaidh biseach air.

Is éard atá i gceist le scagthástáil cíche ná mamagram, x-gha cíche, a úsáidtear chun ailse chíche a aimsiú nuair atá sé róbheag le feiceáil nó le tabhairt faoi deara. Déantar scagthástáil cíche i gclinic BreastCheck nó in aonad scagtha soighuaiste; nó féadfaidh do DG thú a atreorú chuig na clinicí speisialaithe Cíche in ospidéil áitiúla.

Gheobhaidh tú litir ina mbeidh do thorthaí laistigh de 3 seachtaine ó do mhamagram. Gheobhaidh do DG do thorthaí freisin.

I bhformhór na gcásanna, is gnáththorthaí iad na tortaí agus ní aimsítear aon ailse, ach má aimsítear meall, dá luaithe is féidir na roghanna cóireála a bhainistiú is amhlaidh is fearr na tortaí d'othair. Moltar go láidir comhairle Leighis a lorg le haghaidh aon imní.

Tugtar cuireadh chuig scagthástáil ailse cíche do gach bean idir 50 agus 69 bliain d'aois atá ar Chlár BreastCheck gach 2 bliain. Mar sin féin, má thugann tú faoi deara aon athruithe cíche (lena n-áirítear meallta, roic sa chraiceann, etc.) ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do DG nó le do ghairmí cúram sláinte.

Seiceáil, nuashonraigh nó bí ar an gclár um scagthástáil cíche;



Acmhainn ar líne  
[www2.hse.ie/breast-screening/](http://www2.hse.ie/breast-screening/)

Tá scagthástáil agus féin-thástáil an-tábhachtach.  
Bhí ailse chíche orm ag 42. Máthair shingil a bhí ionam, le beirt leanai óga, sábhaladh mo bheatha margheall ar aimsiú agus cóireáil luath.

BALL FOIRNE

GUTHANNA ÉAGSÚLA

# Toiliú agus Foréigean Inscne

## AOIS TOILITHE DHLÍTHIÚIL

### Cad é an aois toilithe dhlíthiúil?

Deir an dlí go gcaithfidh duine a bheith 17 mbliana d'aois le bheith in ann toiliú le dul i mbun gnímh ghnéis. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil duine óg faoi bhun 17 mbliana d'aois sean go leor go dlíthiúil chun toiliú le gníomh gnéasach fiú más mian leo.

Is ionann aois toilithe do gach duine, beag beann ar inscne nó ar ghnéaschlaonadh.

Le haghaidh tuilleadh fainseáise ar shonraí an dlí seo, is féidir leat an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 a léamh ar thoiliú agus ar raon cionta gnéasacha eile.

Is cion tromchúiseach é ag duine atá, nó a bhí roimhe seo, i rocht údarás ar leanbh, gabháil do ghníomh gnéasach le leanbh nó le duine óg atá faoi bhun 17 mbliana d'aois (is cuma gurb é 17 mbliana d'aois an aois toilithe dhlíthiúil).

Tá liosta iomlán de dhaoine a mheastar a bheith i ról údarás leagtha amach sa dlí, lena n-áirítear, mar shampla, baill teaghlaigh, cúramóirí, múinteoirí agus cóitseálaithe spóirt.

Gan toiliú gnéasach a thabhairt, ciallaíonn seo nár thug tú do chead go dtarlódh rud éigin. Is féidir teanga dhíreach a úsáid chun seo a léiriú- trí ‘ní’ a rá, nó trí **chomharthaíocht coirp**.

Más cás é go raibh tú ag ól alcóil nó ag glacadh drugaí, b'fheidir nach mbeidh tú in ann cead a thabhairt.



**Acmhainn ar líne**  
[www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexual-consent/](http://www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexual-consent/)

### Gnásteacsáil nó íomhánna noctha a sheoladh

Tá sé mídhleathach freisin do dhuine íomhánna ‘gáirsíúla’ a sheoladh chuig duine faoi bhun 17 mbliana d'aois, nó pornagrafaíocht a thaispeáint do dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Tá sé mídhleathach freisin íomhánna pearsanta de dhuine eile a dháileadh, a fhoilsíú, nó fiú bagairt a dhéanamh iad a dháileadh nó a fhoilsíú gan toiliú – is cuma céin aois iad.



**Acmhainn ar líne**  
[www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexual-consent/online-sexual-activity-and-consent/](http://www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexual-consent/online-sexual-activity-and-consent/)

### Éigniú agus Ionsáí Gnéasach

**Eigniú** – nuair a dhéantar duine a chur faoi réir gan toiliú le gníomh a chuimsíonn treá an anais nó an bhéil nó na faighne ag aon chuid den chorp nó ag aon rud atá á choinneáil nó á iompar ag duine eile.

**Ionsáí gnéasach** – gníomh ionsaithe fhisiúil a bhfuil gné nó spreagadh gnéasach aige. Cuimsíonn sé duine a chrúbáil, a phógadh go héigeantach nó aon ghníomhaíocht ghnéasach neamh-chomhthoiliúil nach bhfuil treá i gceist léi.



**Acmhainn ar líne**  
[www2.hse.ie/services/satu/](http://www2.hse.ie/services/satu/)

Má rinneadh ionsáí gnéis ort nó má éigniodh tú, ní ortsá atá an locht. Is coireanna iad ionsaithe gnéis agus éigniú, is cuma cé a dhéanann é nó cá dtarláíonn sé. Ná bíodh eagla ort cabhair a fháil.

**Má tá tú i mbaol láithreach nó má theastaíonn cabhair phráinneach uait, glaoigh ar 112 nó 999.**



**Acmhainn ar líne**  
<https://www2.hse.ie/services/satu/where-to-get-help/>

### Do DG

D'fhéadfadh tú a bheith níos compordáí ag caint le do DG. Is féidir leo tú a atreorú chuig an gcúram atá uait.

### Má tá tú faoi bhun 14 bliana d'aois

Má tá tú faoi bhun 14 bliana d'aois, is féidir leat cabhair a fháil;



**Acmhainn ar líne**  
[www2.hse.ie/services/child-forensic-services/cafmas/](http://www2.hse.ie/services/child-forensic-services/cafmas/)

### An tlonad Éigeandála um Éigniú

Má rinneadh ionsáí gnéis ort ag am ar bith i do shaol, is féidir leis an lonad Éigeandála um Éigniú cabhrú leat.

Cuireann siad comhairle agus tacáiocht chuí ar fáil ag brath ar do chás.



**Saorghlao**  
1800 77 88 88 (24-hour helpline)



**Acmhainn ar líne**  
[www.rapecrisishelp.ie](http://www.rapecrisishelp.ie)

# Toiliú agus Foréigean Inscne ar lean

## CINEÁLACHA ÉAGSÚLA FORÉIGIN INSCNEBHUNAITHE

### Ciorrú Ball Giniúna Ban (CBGB)

Is éard atá i gciorrú ball giniúna ban, baill ghiniúna sheachtracha na mban a bhaint nó a ghortú ar chuíseanna neamh-mhíochaine. Tá an cleachtas fréamhaithé sa neamhionannas inscne, iarrachtaí chun gnéasacht na mban a rialú agus smaointe faoi gheanmnaíocht. De ghnáth is mná a thionscnaíonn agus a dhéanann é, a fheiceann é mar fhoinsé onóra, agus a bhfuil eagla orthu go mbeidh a n-iníonacha agus a ngarinónacha faoi eisiamh sóisialta ar shlí eile. De ghnáth déantar é ar chailíní idir naónacht agus 15 bliana d'aois. Tá go leor iarmhairtí fisiciúla fadtéarmacha aige agus i gcásanna áirithe binn bás mar thoradh air. Cuireann Cumann Pleanála Teaghlacha na hÉireann (IFPA) Seirbhís Chóireála CBGB saor in asce ar fáil.

 Acmhainn ar líne  
[www.ifpa.ie/get-care/free-fgm-treatment-service/](http://www.ifpa.ie/get-care/free-fgm-treatment-service/)

### Gáinneáil le haghaidh teacht i dtír gnéasach/striapachais

Is éard atá i gceist le gáinneáil ar dhaoine ná daoine a fhuadaíonn nó a mheabhláonn an gáinneálaí mar

gheall ar shaol níos fearr a bheith acu, nó a chreidiúint nach bhfuil aon rogha inmharthana eile acu.

Áirítear le gáinneáil le haghaidh teacht i dtír gnéasach chun críocha striapachais, teacht i dtír gnéasach ar leanáí, pósadh éigeantais nó pornografaíocht a dhéanamh.

Tá foireann speisialaithe ag FSS a thugann aire do dhaoine a ndéantar dúshaothrú orthu mar gheall ar Gháinneáil ar Ghnéas, Striapachas agus Dúshaothrú Saothair.

 Acmhainn ar líne  
[www.hse.ie/eng/services/list/5/sexhealth/whp/](http://www.hse.ie/eng/services/list/5/sexhealth/whp/)

### Striapachas

Bíonn ar mhná atá ag gabháil don striapachas in Éirinn dul i ngleic le neamhionannais sláinte ar leith agus le bacainní ar rochtain a fháil ar chúram sláinte cuí.

Léiríonn taighde go mbíonn tionchar iomadúla agus fhadréimseacha ag striapachas ar shláinte na mban, agus go háirithe ar a sláinte ghnéis, atáirgthe agus mheabhrach agus ar a bhfolláine.

Fiú sula dtéann siad i mbun striapachais, is minic a bhíonn mná ag streachaíl cheana féin le saol atá lán de naimhdeas, lena n-áirítear in go leor cásanna bochtaineacht, scaradh ón teaghlaigh, stádas inimirce neamhchinntle, easpa cóiríochta cobhsaí, easpa Béarla agus stair an fhóréigin ina saol.

Tar eis dóibh a bheith saíte ann, is cosúil go ndéantar arioscaí níos measa trí fhánaíocht, imeállú sóisialta, agus an brú leanúnach, ollmhór atá orthu leanúint ar aghaidh agus airgead a dhéanamh, rud a fhágann go mbíonn sé an-deacair dóibh tacáiocht a lorg go héifeachtach. Is léir freisin gurb iad a dtaithí le ceannaitheoirí is cúis le diobháil choirp agus mhothúchánach araon, agus iad á gcur faoi strus suntasach agus ag an am céanna binn tionchar níos leithne ar a gcaidrimh phearsanta féin.

Sa Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV) ón Rialtas dar teideal 'Nialasfhulaingt', a seoladh i 2022, leagtar amach go soiléir an striapachas mar chineál foréigin inscnebhunaithe (GBV).



### Íoslódáil acmhainn

Féach 'Confronting the Harm', Seirbhís Sláinte na mBan FSS le Sexual Exploitation and Research Project <https://serp.ie/wp-content/uploads/2023/02/Confronting-the-Harm-FINAL.pdf>

### Pornografaíocht

Tá an chuid is mó den phornografaíocht thírithe ar fhir, is beag an chosúlacht atá aici leis an gcuide is mó d'eispéiris ghnéis an tsaoil, agus is minic a chuimsíonn sí ionpráiochtaí foreigneacha agus maslacha. De ghnáth déanann sé daonnacht a bhaint de ghrúpaí daoine – go háirithe mná, daoine de dhath, daoine faoi mhíchumas agus daoine LADT+. Tá fianaise ann go mbíonn tionchar ag nochtadh do phornografaíocht ar dhearthaí agus ar smaointe daoine óga maidir le gnéas agus go bhféadfadh sé ionchais neamhréadúla a chruthú. Baineann sé seo le gach inscne.

D'fhéadfadh go mbraithfidh fir óga go bhfuil orthu a bheith ceannasach, fiú ionsaitheach, i gcásanna gnéis, gan aird a thabhairt ar mhothúchán ná taitneamh a bpáirtí. Féadfaidh na daoine a mbaintear a ndaonnacht diobh i bpornografaíocht na teachtaireachtaí diúltacha a ionsú agus a bheith níos claonta glacadh le dúshaothrú agus ionpráiochtaí creiche mar is gnách.

## Ginmhilleadh éigeantach

D'fhéadfadh sé seo tarlú ar chuíseanna sóisialta, airgeadais nó beartais aon linbh agus is féidir leis na déantóirí a bheith ina mbaill teaghlaigh, iad siúd a rialáonn an tionscal gnéis nó údarás stáit.

## Foréigean Onóra (FO)

Is téarma é FO a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhoréigean a dhéantar ar dhuine ag ball dá theaghlaigh nó dá neaspobal. Tá sé spreagtha ag riachtanas a mheastar a bheith ann seasamh an teaghlaigh nó an phobail a athbhunú tar éis don íospardach a bheith easonórach ar bhealach éigin. D'fhéadfadh gur dhiúltaigh siad do phósadh éigeantais, go raibh caidreamh gnéasach acu lasmuigh den phósadh nó gur léirigh siad cineál éigin neamhspleáchais. Is mná nó cailíní iad íospartaigh FO den chuid is mó, ach is féidir leo a bheith ina bhfir freisin. Is minic a bhíonn gortú fisiciúil tromchúiseach, ciorrú nó bás mar thoradh ar FO.

## Pósadh éigeantais

Tarlaíonn pósadh éigeantais nuair a bhíonn duine pósta gan a dtoiliú agus i gcoinne a dtola. Is iad mná agus cailíní óga na hiospartaigh is coitianta ach is féidir iallach a chur ar fhir óga pósadh freisin. Is minic gurb iad baill an teaghlaigh nó an phobail na tionscnóirí. Is féidir baint a bheith aige le fuadach agus bogadh go thír nó áit eile.



### Acmhainn ar líne

[www.tusla.ie/services/domestic-sexual-gender-based-violence/](http://www.tusla.ie/services/domestic-sexual-gender-based-violence/)

[www.womensaid.ie/services/helpline.html](http://www.womensaid.ie/services/helpline.html)

[www.hse.ie/eng/about/who/primarycare/socialinclusion/domestic-violence/guidance-and-resources-dsgbv.html](http://www.hse.ie/eng/about/who/primarycare/socialinclusion/domestic-violence/guidance-and-resources-dsgbv.html)

**Duine as gach Ceathrar – Tacaíocht** agus clár do dhaoinne fásta a d'fhulaing mí-úsáid ghnéasach mar leanaí, dá dteaghlaigh, agus dóibh siúd a ghilac páirt in iompar atá diobhálach go gnéasach.



### Acmhainn ar líne

[www.oneinfour.ie](http://www.oneinfour.ie)

## CUID 7

# Folláine

## Gnéasacht

Tá féiniúlacht ghnéasach agus claoadh gnéasach mar chuid thábhachtach díot féin. Is é gnéaschlaonadh do rogha gnéasach do dhaoinne den ghnéas céanna, den ghnéas eile, nó den dá ghnéas. Ní féidir le daoine idirghnéasacha LADT+ bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach a fhulaingt ach amháin má thagann siad faoi na catagóirí sin freisin. Is féidir leis an gcineál seo bulaíochta tarlú áit ar bith. Mar shampla, an seomra ranga, an áit oibre, an pháirc spóirt nó sa bhaile. D'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar do shláinte mheabhrach. Má fhulaingíonn tú bulaíocht nó ciapadh, labhair le duine éigin faoi. Labhair le cara, ball teaghlaigh, comhghleacaí, comhairleoir nó le do DG.



### Acmhainn ar líne

[www2.hse.ie/mental-health/life-situations-events/bullying-harassment/bullying-harassment/](http://www2.hse.ie/mental-health/life-situations-events/bullying-harassment/bullying-harassment/)

## Líne Chabhrach LADT

Seirbhís neamhbhreithiúnach agus faoi rún. Tugann sé cluas do agus cuireann sé tacáiocht agus faisnéis ar fáil do dhaoinne LADT+ agus dá dteaghlaigh agus a gcairde.



### Fón

1800 929 539



### Acmhainn ar líne

[www.teni.ie](http://www.teni.ie)

## Belong To

Tacaíochtaí do dhaoine óga LADTIA+ (23 agus níos óige) agus dá dteaghlaach.

## Spunout.ie

Tacaíochtaí do dhaoine idirghnésasacha, iad siúd a rugadh le meascán de thréithe bitheolaíocha fireanna agus baineanna.

## Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)

Tacaíochtaí do dhaoine trasinscneacha, iad siúd a bhfuil a bhféiniúlacht inscne difriúil leis an inscne a tugadh dóibh nuair a rugadh iad.

### Acmhainn ar líne

[www.lgbt.ie](http://www.lgbt.ie)  
[www.belongto.org](http://www.belongto.org)  
[www.spunout.ie/lgbti/gender-identity/what-is-intersex](http://www.spunout.ie/lgbti/gender-identity/what-is-intersex)

## Fadhbanna caidrimh

Uaireanta is féidir le caidrimh a bheith ina gcúis le brú do dhaoine. B'fhéidir go bhfuil tú faoi bhrú a bheith i do dhuine nach bhfuil tú i bhfírinne nó rudá a ndéanamh agat nach bhfuil tú cinnte fúthu. Feadann sé seo strus a chur ar do leas mothúchánach. Is féidir go mbeadh sé deacair go leor ama a bheith agat do chairde agus do muintir agus tú ag tosú ar chaidreamh nua. Nuair a chuireann tú túis le caidreamh nua, tá sé tábhachtach taitneamh a bhaint as na cairde agus na caidrimh teaghlaigh atá agat cheana féin. Is féidir le briseadh suas caidrimh tionchar cumhachtach a imirt ar do shláinte mhothúchánach/mheabhrach freisin. Feadann sé go leor mothúchán éagsúla a chruthú. Is féidir leis réimse mothúchán a thabhairt chun cinn: fearg, brón, amhras faoin todhchaí, uaigneas agus scoiteacht. Téigh i dteaghmáil le do ghairmí cúram sláinte/DG agus lorg tacáiochtaí comhairleoireachta.

# FSS Baile Átha Cliath agus an Oirdheiscirt

## An tSeirbhís um Chuimsiú Sóisialta

### Cé muid féin?

Cuireann Seirbhís um Chuimsiú Sóisialta FSS Baile Átha Cliath agus an Oirdheiscirt tárgí ar fáil do sheirbhísí a thacaíonn le grúpaí imeallaithe agus leo siúd atá thíos leis an anás míosta.

Chun a fháil amach cad iad na tárgí míosraithe saor is féidir leat a fháil, agus conas iad a ordú, déan teagmháil leis an tSeirbhís um Chuimsiú Sóisialta áitiúil de chuid FSS.



**Seirbhísí cuimsithe sóisialta eile**  
Seirbhís Sláinte na mBan agus an  
Fhoireann Frithgháinneála ar Dhaoine



### GMHS

Seirbhísí sláinte gnéis d'Fhir a mbíonn gnéas acu le Fir.



### FSS Baile Átha Cliath agus an Oirdheiscirt Foireann na Seirbhise um Chuimsiú Sóisialta

Cúram Sláinte Pobail Thoir, Cúram  
Príomhúil

#### Foireann an Tionscadail Dínlite

##### Míosraithe:

Linda Latham  
Stiúrthóir Altranais,  
Ceannaire Tionscadail

Eimear Costello  
Bainisteoir Riarachán

Elaine Pardy  
Shauna Quilty  
Riarthóirí

### An Fhoireann um Chuimsiú Sóisialta:

Lee Collins

Bainisteoir um Chuimsiú Sóisialta

Dr. Niamh Marrinan

Príomh-Shíceolaí Cliniciúil Speisialtóra

Ifechukwu Onyeka-Patrick

Riarthóir

Náire, ní hea, cén fáth?  
Stiogma ar bith. Cé dó  
a bhfuil sé náireach?  
Náire orm bheith ag  
míostú, seans ar bith!!  
Is cuid nádúrtha de  
bheith i mo bhean í.

**IARRATASÓIR AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA**  
**GUTHANNA ÉAGSÚLA**

### Acmhainní, Tagairtí & Buíochas

CHO 5, go háirithe an fhoireann Altranais as a gcuid oibre agus faisnéise an anáis a roinnt go fial

FSE A-Z i gcomhair faisnéise

John Hopkins Medicine 2024

Tagairt téacs agus na hacmhainní a úsáideadh: Clár Sláinte Ghnéasach FSS

TUSLA DSGBV as úsáid a sonraí agus tagairt óna láithreán gréasáin cabhrach agus cuimsitheach